C/2025/1147

14.2.2025

Fógra ón Aire um Beartas Aeráide agus Fás Glas de chuid Ríocht na hÍsiltíre faoi Airteagal 3(2) de Threoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na coinníollacha chun údaruithe a dheonú agus a úsáid le haghaidh sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón

(C/2025/1147)

Leis seo tugann an tAire um Beartas Aeráide agus Fás Glas fógra go bhfuarthas iarratas ar údarú le sirtheoireacht ar hidreacharbóin a dhéanamh i mBloc F9 mar a léirítear ar an léarscáil atá i gceangal mar Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rialachán maidir leis an Mianadóireacht (*Mijnbouwregeling*). Tá achar 400 km² i mBloc F9.

Maidir leis an Treoir dá dtagraítear sa bhrollach agus in Airteagal 15 den Acht maidir leis an Mianadóireacht (*Mijnbouwwet*), iarrann an tAire um Beartas Aeráide agus Fás Glas leis seo ar pháirtithe leasmhara iarratas iomaíoch a chur isteach chun sirtheoireacht ar hidreacharbóin a dhéanamh i mBloc F9 ar scairbh ilchríochach na hÍsiltíre.

Is é an tAire um Beartas Aeráide agus Fás Glas an t-údarás inniúil maidir le húdaruithe a dheonú. Leagtar amach san Acht maidir leis an Mianadóireacht na critéir, na coinníollacha agus na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 5(1) agus (2) agus Airteagal 6(2) den Treoir thuasluaite.

Féadfar iarratais a chur isteach le linn na 13 seachtaine tar éis fhoilsiú an fhógra seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart iad a sheoladh chuig:

Ríomhphost: mijnbouwvergunningen@minezk.nl

An tAire um Beartas Aeráide agus Fás Glas
Le cur faoi bhráid: An Stiúrthóireacht um an Aistriú in Úsáid Acmhainní go Domhain faoi Thalamh
Bezuidenhoutseweg 73
P.O. Box 20401
2500 EK The Hague
An Ísiltír

Ní bhreithneofar iarratais a gheofar tar éis dhul in éag na tréimhse sin.

I bprionsabal, déanfar cinneadh ar na hiarratais tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis don tréimhse sin dul in éag.

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ach glaoch a chur ar oifig MABEL ar an uimhir theileafóin seo a leanas: +31 703796970.